

## Aighneacht

# Dréacht Straitéis na Gaeilge Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin

## Aibreán 2020

### CÚLRA CHONRADH NA GAEILGE

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

### INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Dréacht Straitéis Gaeilge Comhairle Ceantair an Lúir.

Tá na húdaráis áitiúla éagsúla ag leagan síos spriocanna éagsúla maidir lena seirbhísí féin agus tá difríochtaí anois ann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge ó chomhlachtaí éagsúla. Is é an deacracht a bhaineann leis seo ná nach mbíonn an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla nó go dátheangach i gcónaí, agus cruthaítear fadhbanna agus daoine ag lorg seirbhísí dá réir. Tá moltaí san aighneacht seo, go háirithe ‘An Tairiscint Ghníomhach’ leis na fadhbanna seo a sháru.

Is í an aidhm chomh maith atá ag na moltaí san aighneacht seo ná samplaí den dea-chleachtas is fearr ó thaobh soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí a chur ar fáil in aon áit amháin, sa dóigh is go mbeidh

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin in ann na prionsabail seo a chur in oiriúint dá údarás áitiúil féin. Tacóidh na moltaí seo leis an gcomhairle a gcuid dualgais i leith na teanga a chomhlíonadh ar an bhealach is éifeachtaí agus is cuimsithí agus is féidir.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge sna ceantair sin.

## SUÍOMH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA CHEANTAIR AN IÚIR, MHÚRN AGUS AN DÚIN

De réir suíomh an Chomhairle Ceantair, tá an chomhairle ag freastail ar 7 gceantar, ina measc, Iúir Chinn Trá, Múrna, Dún Pádraig, Crotshliabh, Sliabh gCuilinn, Sliabh Crúibe agus Rowallane. Tá daonra de 171,500 sna ceantair sin. De réir an daonáirimh deireanach i 2011 tá 26,023 daoine a dúirt go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge sna ceantair sin. Tá 6 naíonra Gaeilge agus 3 bhunscoil Ghaeilge ann. Tá 8 mbunscoil ag múineadh Gaeilge agus 9 meánscoil. Tá dhá chúrsa Gaeilge in Ollscoil Uladh chomh maith. Tá trí chultúrlann sna ceantair, Gaeláras Mhic Ardghail, Teach na Mara agus Tí Chulainn. Tá 7 gcoiste pobail Gaeilge agus 3 club óige. Bíonn 8 n-áit éagsúla ag cur ranganna ar siúl. Tá Straitéis na Gaeilge ag an gComhairle ó 2017 ar aghaidh agus polasaí dátheangach agus tá Aonad na Gaeilge ann a bhfuil triúir fostaithe. Gheobhaidh tú níos mó eolas faoi stad na Gaeilge sna ceantair ar: <https://peig.ie/images/Proifili-na-gComhairli-1.pdf>

### DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Léiríonn taighde go gcreideann 47% ba chóir don Stát ag tabhairt níos mó tacaíocht don Ghaeilge agus seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge go gcreideann 70% gur chóir go mbeadh seirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid. D'iarr 5% seirbhísí trí Ghaeilge, is figiúr suntasach é seo de bharr nach bhfuil dualgas reachtúil ann go fóill chun na seirbhísí a chur ar fáil.

Creideann nach mór **leath ó thuaidh** agus **beirt i ngach triúr** ó dheas gur cheart don Stát níos mó tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge; méadú suntasach ó 2015.


Bunús: Daoine Fásta, Aois 15+, 16+ (ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go gcuirfeadh an Stát níos mó tacaíochta ar fáil don Ghaeilge."*



Níos Airde I Measc	%
55-64	20
Baile Átha Cliath	18
ABs	16

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	4
Easaontú go pointe	8




Níos Airde I Measc	%
Connacht / Uladh	76
Pobla feirmeoireachta	75
65+	71
Cúige Mumhan	70
Cúige Laighean	70

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go pointe	37

Níos Airde I Measc	%
I Uisceirt	53
65+	43
AB	37
55-64	35

Easaontú Iomlán	%
Easaontú go láidir	16
Easaontú go pointe	16



Níos Airde I Measc	%
Cathair Bheál Fairsle	60
16-24	53
25-34	52
DE	50

Aontú Iomlán	%
Aontú go láidir	19
Aontú go pointe	27

Léiríonn ( ) sonraí 2015

Creideann **seachtar i ngach deichniúr** gur cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.

Bunús: Daoine Fásta. Aois 15+, 16+  
(ó dheas=1,085, ó thuaidh=1,012)

*"Ba cheart go mbeadh seirbhísí curtha ar fáil ag an Stát ar fáil trí Ghaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid."*




Níos Airde I Measc	%
15-64	17
Balle Átha Cliath	13

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	3
Easaontú go pointe	6

Níos Airde I Measc	%
Tuaisceart	45
65+	42
AB	39
55-64	31

Easaontú iomlán	%
Easaontú go láidir	14
Easaontú go pointe	14


### Ó Dheas



Níos Airde I Measc	%
Cúige Mhumhan	80
Connacht / Uladh	78
DEs	75
35-44	73

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	29
Aontú go pointe	41

### Ó Thuaidh



Níos Airde I Measc	%
Cathair Bheáil Feirste	66
16-24	65
25-34	64
DE	59

Aontú iomlán	%
Aontú go láidir	21
Aontú go pointe	35

Léiríonn () sonraí 2015

KANTAR MILWARDBROWN



## Seirbhísí as Gaeilge

D'iarr duine as seisear seirbhísí as Gaeilge, le duine as fiche ó thuaidh




I tharmlí % dea daonra beadh 17% colbhaiscach le 810,000 daoine a d'fhoghlaim



I tharmlí % dea daonra beadh 5% colbhaiscach le 70,000 daoine ó thuaidh



\* Toradh le 'Ní fios' agus 'Gan tuairim tugtha' bainte



KANTAR MILWARDBROWN

C2 Cé chomh láidir is a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis a leanas ... Tair tar eis seirbhísí trí Ghaeilge a iarradh ón Stát nó ó chomhlacht seirbhísí phoiblí. Bonn: Gach duine fásta thar 18 bliana d'aois (Ó Dheas=1,011, Ó Thuaidh=1,022)

## MOLTAÍ DO STRAITÉIS NA GAEILGE 2020-2023

### PLEANÁIL TEANGA

D'aon phleanáil teanga ag leibhéal pobail beidh tacaíocht praiticiúil an chomhairle áitiúil de dhíth agus go minic tá sé i bhfad Éireann níos deacra theacht ar an tacaíocht sin gan oifigeach Gaeilge sna comhairlí. Is fiú a chuimhneamh go raibh an chomhairle ag tacú le grúpaí áitula mar shampla chun cur isteach ar bhabhtá maoinithe seachtracha ar nós Foras na Gaeilge ar Scéim na Líonraí Gaeilge, nó ag leibhéal eile, ar an Scéim Phobail Ghaeilge, nó le Scéim Céimeanna de chuid Ghlor na nGael. Baineann sé seo le cumasú grúpaí.

---

## RÓL OIFIGÍ GAEILGE

- Ag tógáil droichid idir phobal na Gaeilge agus an chomhairle, ó thaobh seirbhísí/imeachtaí de agus bunaithe ar mhianta an phobail. Ba chóir go mbeadh tuiscint mhaith acu ar na mianta sin. Ba cheart poiblíocht leanúnach a dhéanamh ar an chomhoibriú sin sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.

- Ag comhordú imeachtaí idir ghrúpaí Gaeilge, go háirithe i gceantar tuaithe áit a bhfuil achar mór ann go minic idir phobail éagsúla Gaeilge, agus ag teacht ar bhealaigh chun na pobail sin a thabhairt le chéile ó thaobh cur chuige oibre de.

- Ag tabhairt tacaíochta go himheánach don chomhairle ó thaobh na Gaeilge agus pobal na Gaeilge de, ag úsáid an saineolas atá acu, le forbairt a dhéanamh ar líon agus caighdeán na seirbhísí a chuireann an chomhairle ar fáil trí Ghaeilge.

- Freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar pholasaí Gaeilge an chomhairle agus plean teanga feidhmeach 3-5 bliana a chur le chéile don Chomhairle

- Ag cur ar bun agus ag maoirsiú grúpa comhairleach Gaeilge an chomhairle. Sampla maith is é fóram lár-Uladh de ghrúpa comhairleach, grúpa a dhéanann moltaí a chur faoi bhráid an chomhairle, agus a thugann guth do phobail Gaeilge an cheantair sa chomhairle.

- Tá deontas ar fáil ó Fhoras na Gaeilge chun cómhaoiniú a dhéanamh ar thuarastal an Oifigeach Gaeilge.

<https://www.forasnagaeilge.ie/category/an-earnail-phoiblí/>

---

## TAIRISCINT GHNÍOMHACH

**Comhthéacs:** Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ón gComhairle trí mheán na Gaeilge ní féidir leo nó beidh drogall orthu éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint ghníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de mar gheall go bhfuil sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhlacht agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura bhfuil sé ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís atá ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinsé chéanna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo bheith ag pobal na Gaeilge gan aon choinníollacha, ama nó iarrachtaí breise óna dtaobhsa. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá cinntiú go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil sa chomhairle inti féin nó ar chomhchéim leis an Bhéarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus fios acu go bpléifear lena gcuid gnó mar is cuí.

- Ba chóir an chéad bheannacht agus an chéad chomhrá a dhéanamh le duine in oifig phoiblí de chuid na Comhairle a bheith déanta trí Ghaeilge, leis an gcustaiméir a spreagadh le Gaeilge a úsáid agus le cur in iúl gur féidir gnó a dhéanamh leis an oifig chuí trí Ghaeilge.
- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht i nGaeilge amháin nó go dátheangach curtha in airde laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh de chuid na Comhairle.
- Ba chóir go mbeadh comhartha nó suaitheantas ag fostaí ar a ndeasc nó ar a n-éide atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh foirmeacha nó foilseacháin eile ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin go huathoibríoch, le cinntiú nach gcaithfear leagan Gaeilge a lorg.
- Ba chóir go mbeadh aon seastán, bileog eolais, póstaer, srl. de chuid comhlacht poiblí dátheangach.
- I gcáipéisí dátheangacha, moltar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den téacs a chur taobh le taobh le chéile, le cló den mhéid agus stíl chéanna in úsáid.
- Ag ócáidí poiblí, ba chóir go n-úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltiú, óráidí, nó cainteanna eile le freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ba chóir go mbeadh na cainteanna as Gaeilge.
- Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a dhéanamh leis na meáin trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir go mbeadh aon fhógraíocht atá le déanamh ar son aon chomhlacht poiblí go dátheangach, bíodh sin ar líne, sna meáin traidisiúnta, ar theilifís nó raidió srl.

---

## ULLMHÚ DO REACHTÁÍOCHT I LEITH NA GAEILGE

Is fiú go mbeadh an Chomhairle ag ullmhú agus ag plé go leanúnach chun tosaigh le geallsealbhóirí, leis an Roinn Pobal, le Conradh na Gaeilge, agus le Foras na Gaeilge, chun go mbeidh an soláthar teanga is cuimsithí ar fáil don phobal de réir mar a thagann an reachtaíocht nua i bhfeidhm, le linn thréimhse na Straitéise seo (2020-23).

Luadh sa Tuairisc *Comhairlí Áitiúla, Dualgais Agus An Ghaeilge: Creatlach Comhlíonta* ‘Cé go bhfuil bearnaí sa soláthar, léirigh an chomhairle tiomantas chun a gcuid dualgas de réir CETRM a aithint.’ Is maith sin a fheiceáil agus is gá coinneáil leis an dea-chleachtas sin. Tá níos mó faoi sa nasc: [https://peig.ie/wp-content/uploads/2019/09/2019\\_Tuairisc\\_Creatlach-Comhairli%CC%81\\_Deireadh.pdf](https://peig.ie/wp-content/uploads/2019/09/2019_Tuairisc_Creatlach-Comhairli%CC%81_Deireadh.pdf)

---

## COLÁISTÍ SAMHRAIDH

Moltar an obair atá déanta leis na cistí scoláireachtaí agus sparánachtaí de chuid na Comhairle. Moltar an cur chuige seo a fhorbairt i rith an ama. Moltar fosta go ndéanfaidh an Chomhairle tuilleadh comhoibrithe leis na Coláistí féin chun bileoga eolais, cúrsaí agus deiseanna eile atá ar fáil sa Ghaeltacht a phoibliú agus a roinnt le daltaí / fhoghlaimoirí, agus an t-eolas sin a cheangail le clár cumarsáide na comhairle agus le sonraí margáíochta na scéime féin.

---

## ARDÚ FEASACHTA

Moltar go gcuirfear san áireamh sa Straitéis seo tuilleadh béime ar ardú feasachta. Déantar seo trí bhuanna na Gaeilge agus buanna an dátheangachais a phoibliú go rialta leis an mhórfhobal, taobh amuigh de phobal na Gaeilge, trí bhileoga eolas, fógraí cumarsáide (nuachtáin, ar líne, raidió srl) agus ar clár fógraí sa cheantar comhairle. Is féidir go ndéanfar seo i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile, ar nós Fhoras na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, nó ceann ar bith de na ceanneagraíochtaí Gaeilge, nó na grúpaí teanga go háitiúil. Ba cheart go mbeadh spriocanna intomhaiste curtha leis seo, agus am scálaí rialta chun go mbaintear seo amach go leanúnach gach ráithe.

---

## STRAITÉIS CHUMARSÁIDE

Tá Straitéis Chumarsáide suntasach agus tábhachtach don Ghaeilge san 21ú haois. Ní féidir luach na meán sóisialta a áireamh. Caithfidh an Chomhairle níos mó a fhoilsiú go réamhghníomhach i nGaeilge ar a suíomh Gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Caithfidh an Chomhairle a sheirbhísí Gaeilge atá ar fáil a fhógairt go minic. Cuidíonn sé seo le feasacht a mhúscailt faoi sheirbhísí i nGaeilge ach tógann sé próifíl den teanga dóibh siúd nach bhfuil teagmháil acu leis an teanga. Is fiú go mbeadh briseadh síos cuimsitheach ann maidir le straitéis chumarsáide na Comhairle agus Rannóg na Gaeilge, maidir leis na meáin shóisialta agus na meáin thraidisiúnta, mar aon le córas chun teagmháil rialta a choinneáil leis an bpobal. Ba cheart na modhanna sin a phoibliú chun tuilleadh trédhearcachta in obair na comhairle a chinntiú.

---

## LÁITHREACHT AR LÍNE

**Comhthéacs:** Ar nós ‘An Tairiscint Ghníomhach’ a dhéanamh in áiteanna poiblí, is féidir léiriú trí láithreacht ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ón gComhairle. Mar gheall ar an ról suntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag suíomh ghréasáin, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

- **Rogha Teanga:** Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an chéad leathanach den suíomh gréasáin leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis seo an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir fosta go mbeidh an rogha seo ar fáil ar gach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.
- **Ábhar:** Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Ghaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistrithe go Gaeilge ag an chomhlacht air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad an tsuímh agus gur féidir le daoine eispéireas iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge.

- **Foirmeacha ar líne:** Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistrithe trí mheán na Gaeilge san áit chéanna agus atá leagan Béarla ar fáil. Fosta, ba chóir cinntiú gur féidir le haon chóras ar líne glacadh le síntí fada le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí.
- **Aistriúchán:** Ba chóir aistritheoir gairmiúil a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón tús. Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl siad cruinn agus níl seo fóirsteanach do dhaoine atá ar lorg eolais ó chomhlacht phoiblí ar líne. Agus príomhábhar an tsuímh aistrithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán eile le déanamh
- **Ath-threorú:** Má athraíonn úsáideoir a rogha teanga, agus iad ar shuíomh chomhlachta, níor chóir go ndéanfar ath-threorú chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an Ghaeilge amháin. Ba chóir go mbeadh malartú teanga ceart ann ó theanga amháin go teanga eile.
- **Stíleanna agus Méideanna:** Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna céanna in úsáid don dá teanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den suíomh ach ba chóir go mbeadh feiceálacht an dá theanga chomh maith céanna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.
- **Seoladh Fearainn:** Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh céanna, ceann as Gaeilge as ceann as Béarla. Mar shampla is féidir [www.ainmanchomhlachta.ie](http://www.ainmanchomhlachta.ie) agus [www.nameofcompany.ie](http://www.nameofcompany.ie) bheith in úsáid don suíomh céanna.
- **Na meáin sóisialta:** Tá ardú suntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála trína meáin sóisialta le ranna agus comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an phobal ar na hardáin seo. Ar nós suímh idirlín, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsiú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúla a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá rogha ann chomh maith le leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, nó eile breise a chruthú as Gaeilge. Fosta, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht phoiblí trí mheán na Gaeilge agus a bheith ag dúil le freagra as Gaeilge ón fhoinsé chéanna.
- **Aipeanna:** Ba chóir go mbeadh gach aip a fhorbraíonn an Comhairle dátheangach ar a laghad nó as Gaeilge amháin.

---

## FOILSEACHÁIN AGUS FOIRMEACHA

- Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, faoi phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach.
- Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge amháin, ina n-áirítear: bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil. Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).

---

## ACMHAINNÍ DAONNA

**Comhthéacs:** Le seirbhísí teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach agus fóirsteanach d’obair na heagraíochta, is gá cúrsaí acmhainní daonna a chur san áireamh mar chuid de phleanáil teanga na heagraíochta.

- Ba chóir feachtais fheasachta agus seimineár eolais a chur ar fáil d’fhostaí maidir leis na dualgais atá ag an gComhairle maidir leis an Ghaeilge faoi Straitéis na Gaeilge, Polasaí Dátheangachais agus aon reachtaíocht eile faoi láthair nó amach anseo go mbeidh fhios acu cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na dualgais seo a chomhlíonadh mar is cuí.
- Ba chóir eolas a chur ar fáil don phobal faoin fhoireann atá in ann seirbhís(i) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill fhoirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.

- Ba chóir go gcuirfeadh inniúlacht sa Ghaeilge san áireamh le linn próisis earcaíochta agus a aithint go mbeidh luach breise ann don chomhairle, i.e. beidh an duine le Gaeilge in ann an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla
- Ba chóir go mbeadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill fhoirne nach bhfuil in ann seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le tacú leo é seo a dhéanamh sa toadhcháil.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach san áit oibre sa Chomhairle, le háiteanna atá príobháideach d'fhostaithe amháin san áireamh. Chuirfeadh seo le cultúr ina bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge dá mba rud é go bhfuil sí le feiceáil agus go spreagfar í a úsáid mar gheall air seo.
- Ba chóir go mbeadh an ceart céanna ag aon duine atá ag obair sa Státseirbhís lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, i. ardú céime, measúnú foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl.
- Ba chóir go mbeadh rogha Gaeilge ar fáil gan cheist ag gach leibhéal agus aonad / rannóg den Chomhairle le cinntiú nach mbrisfeadh an 'slabhra cumarsáide' trí Ghaeilge leis an saoránach a lorgaíonn seirbhís as Gaeilge.
- Tá gá na poist a aithint atá gá le daoine le cumas líofa Gaeilge acu i labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh na Gaeilge, m.sh. fáilteoir (príomhtheagmhálaí leis an bpobal), oifigeach Gaeilge, oifigeach preas, ateangairí, aistritheoirí, srl..
- Ba chóir caighdeán na Gaeilge ag na fostaithe sa Choimisiún a bheith aitheanta tríd an bhfráma coiteann Eorpach, agus bheadh Conradh na Gaeilge ag moladh leibhéal B2 ar a laghad do na poist le Gaeilge.
- Is maith a fheiceáil go bhfuil Aonad na Gaeilge ann ina bhfuil triúir ag obair ann. Tá gá anois cur le líon na foirne sin agus breis foirne a fhostú don aonad, go háirithe agus reachtaíocht faoin nGaeilge agus Straitéis na Gaeilge á fhorbairt ag Cnoc Anfa. De bharr go bhfuil 10.75% den daonra ag rá go bhfuil Gaeilge acu is fiú go mbeidh thart ar 10% d'fhoireann an Chomhairle líofa sa Ghaeilge.
- Beidh Reachtaíocht Gaeilge nua ag teacht isteach sár i bhfad. Tá gá mar sin ullmhú ina treo.

---

## COMHFHREAGRAS AGUS TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

**Comhthéacs:** Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an saoránach agus an Chomhairle, litreacha, ríomhphoist, scairteanna gutháin, teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta srl. Déanfar tuilleadh plé ar chodanna áirithe den chomhfhreagras thíos ach is iad seo a leanas na bunphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le gach cineál comhfhreagrais:

- Is gá a chinntiú má roghnaíonn saoránach an Ghaeilge a úsáid i gcomhfhreagras leis an gComhairle go n-úsáidfeadh Gaeilge leis/léi ón tús go dtí deireadh an chomhfhreagrais sin
- Ba chóir nach mbeadh aon mhoill nó deacrachtaí acu siúd a dhéanann teagmháil leis an gComhairle trí mheán na Gaeilge mar gheall ar an rogha teanga. Ciallaíonn é seo nach mbeadh orthu fanacht tuilleadh ama le haghaidh freagra ar chomhfhreagras, nó go mbeadh moill ar a gcuid gnó mar gheall ar an rogha teanga a rinne siad. Dá mbeadh tuilleadh ama nó oibre de dhíth le gnó a dhéanamh le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, bainfeadh an rogha ó dhaoine i dtéarmaí praiticiúla mar gheall ar bhrú ama nó mar gheall nár mhaith le daoine deacrachtaí a chruthú.

---

## RÍOMHPHOST

- Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist corparáideach socruithe go dátheangach i gcónaí.
- Ba chóir go mbeadh aon teachtaireacht as-oifig nó freagra uathoibríoch eile scríofa go dátheangach.
- Ba chóir go mbeadh líne i síntí ríomhphoist ag daoine a bhfuil Gaeilge acu ag rá go bhfuil Gaeilge acu agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge leis an duine sin. Cé go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann sé seo daoine ar an eolas gur féidir leo bheith ag plé le duine faoi leith san eagraíocht trí mheán na Gaeilge agus spreagfar úsáid na Gaeilge mar gheall air.
- Ba chóir go mbeadh dhá ainm fearainn in úsáid as Gaeilge agus as Béarla. Is féidir na seoltaí a cheangal agus bheadh an sprioc chéanna ag an dá ríomhphost. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas@ainmeagraíochta.org agus info@nameoforganisation.org a úsáid.

---

## SCAIRTEANNA GUTHÁIN

- Nuair a théann scairteanna gutháin a thagann isteach chuig an gComhlacht chuig lasc-chlár go huathoibríoch, ba chóir go mbeadh roghanna as Gaeilge ar fáil mar an chéad rogha.
- Ba chóir go dtabharfar leagan Gaeilge d’ainm na heagraíochtaí nuair a fhreagraítear scairt guthán.
- Ba chóir go mbeidh an fáilteoir i ngach oifig aitheanta mar phost a bhfuil Gaeilge mar riachtanas. Tá an fáilteoir mar chéad phríomhtheagmhála leis an bpobal agus mar sin caithfidh Gaeilge a bheith acu chun déileáil leis an bpobal i gceart. Mura bhfuil Gaeilge ag an bhfáilteoir beidh drogall ag an gcainteoir Gaeilge seirbhísí trí Ghaeilge a iarraidh amach anseo, mar go mbeidh sé inghlactha dóibh nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil.

---

## INIÚCHADH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA

- Ba chóir don chomhairle iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh roimh aon ghníomh a d’fheadfadh droch-tionchar a imirt ar phobal na Gaeilge (ar nós reachtaíocht nua, nó eile)
- Caithfear na rudaí seo a leanas agus eile a thógáil san áireamh in aon iniúchadh sochtheangeolaíochta: Straitéis na Gaeilge an Chomhairle, Polasáí Dátheangachais an Chomhairle, Reachtaíocht Teanga, Straitéis na Gaeilge Tionól Tuaisceart Éireann, Comhaontú Aoine an Chéasta, Comhaontú Chill Rímhinn, Alt 75 d’Acht Thuaisceart na hÉireann (1998), An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus aon reachtaíocht eile atá bainteach le cúrsaí teanga.

---

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

- Níl aon spriocanna gur féidir a thomhas luaite sa dréacht straitéis. Tá gá spriocanna inmheánacha agus seachtracha a leagan síos. Spriocanna inmheánacha, sin iad na gníomhaíochtaí a bheidh an Chomhairle ag déanamh iad féin, m.sh. cé mhéad breis foirne a bheidh á earcú le Gaeilge i mbliana. Spriocanna seachtracha ar nós níos mó Gaelscoileanna, ranganna Gaeilge, clubanna óige. Tá tionchar ag an gComhairle ar seo trí dheontais nó láthair a chur fáil. An fhíor shlí gur féidir a fheiceáil an bhfuil toradh na hoibre ag teacht ó na spriocanna sin ná ó thorthaí an daonáireamh agus an suirbhé a dhéanann an Roinn Oideachais ar theanga tí na páistí a fheiceáil. Caithfidh na spriocanna a bheith SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe). Tá gá scála ama a leagann síos agus buiséad chomh maith. B’fhiú liosta a dhéanamh de na hacmhainní atá á chur ar fáil agus a bheidh á chur ar fáil do ghníomhaíochta Gaeilge. Gan seo a dhéanamh ní éireoidh leis an Straitéis.
- Ba chóir go mbeadh Bainisteoir Sinsearach ag déanamh monatóireachta rialta (ar bhonn míosúil ar a laghad) ar chur i bhfeidhm na scéime. Ba chóir taifead a choinneáil ar gach uair a iarrtar seirbhís as Gaeilge agus cén saghas seirbhís atá lorgaítear. Ba chóir taifid a dhéanamh ar cé mhéad uair a dhéantar tairiscint ghníomhach ar sheirbhísí ar fáil as Gaeilge chomh maith.
- Ba chóir don chomhairle leithscéal scríofa a ghabháil le haon chustaiméir nach bhfaigheann seirbhís trí Ghaeilge nuair a lorgaíonn siad í.
- Nuair a bhíonn tuarascáil 6 mhí á dhéanamh nó athbhreithniú bliantúil ar an bpolasáí ba chóir comhairle a ghlacadh ó Fhoras na Gaeilge agus an Coimisinéir Gaeilge agus dul i gcomhairle le cainteoirí Gaeilge agus a riachtanais agus a mianta siúd a ghlacadh san áireamh go háirithe grúpaí áitiúla. Beadh ról ag Fóram an Dúin agus Oiriaila maidir le seo chomh maith.
- Ba cheart go mbeadh tuarascáil rialta ann maidir le cur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, agus le teacht caighdeán dhea-chleachtais mar chuid den chomhaontú nua ‘New Decade New Approach’ (Eanáir 2020) ba cheart tuairiscí rialta a sheoladh go poiblí maidir le gníomh dearfach na comhairle i leith na gcleachtas a chuirfidh coimisinéir nua teanga chun tosaigh.

---

## CUSTAIMÉIRÍ

- I measc na gcustaiméirí/úsáideoirí seirbhísí Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin tá an tAire Pobal, comhaltaí eile den Tionól Tuaisceart Éireann, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, fostaithe sa Chomhairle, comhlachtaí poiblí eile, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó ag an gComhairle leo, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, comhlachtaí trasteorainn, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an gComhairle



mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní. Tá cuid de na custaiméirí sin ina chainteoirí Gaeilge agus caithfear aitheantas a thabhairt dá gcearta daonna trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge dóibh nuair a iarrann siad sin.

---

## COMHARTHAÍOCHT SRÁIDE

- Tá gá le cloí leis an bPolasaí Dátheangachais maidir le Comharthaí Sráide. Is fiú treoracha ó e-leabhrán *Comharthaíocht Dhátheangach – Treoir ar an gcleachtas is fearr a leanacht*. <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/03/Bilingual-Signage-Treoir-Guide-FnaG-Croch.pdf#>

---

## FÓGRAÍOCHT

Ba chóir go mbeidh aon fhógra a chuirfidh an Chomhairle chun cinn sna meáin chumarsáide nó in áit phoiblí dátheangach ar a laghad nó i nGaeilge amháin.

---

## ATEANGAIREACHT

Caithfear a chinntiú go bhfuil córas ateangaireacht ar fáil gan ceist do na comhairleoirí don seomra agus do gach coiste a bhaineann siad leo. Ní cóir go mbeidh costas mar bhac ar seo, is ceart bunúsach ag gach saoránach an Ghaeilge a úsáid in institiúidí an stáit agus tá ceart ann go dtuigeann daoine nach bhfuil Gaeilge acu é a thuiscint, mar sin tá gá córas ateangaireacht a chur ar fáil gan ceist agus é a ghlacadh mar chostas riaracháin cosúil le aon chostas eile.

---

## FÓRAM AN DÚIN AGUS OIRIALLA

Aithnítear Fóram an Dúin agus Oiriaila mar ghrúpa iontach tábhachtach i bhforbairt phobal na Gaeilge sa cheantar comhairle, ach tá ceisteanna ann maidir le hacmhainní ama agus bainistíochta faoi mar atá sé ag feidhmiú faoi láthair. Faoi mar a tharlaíonn i roinnt comhairlí eile, moltar go ndéanfaidh an Chomhairle rúnaíocht ar Fhóram an Dúin agus Oiriaila, chun cruinnithe a éascú agus eolas a roinnt. Tá tacaíocht den scoth tugtha ag foireann na Comhairle don Fhóram ó lá a bhunaithe agus is fiú an caidreamh oibre sin a fhorbairt agus a lua go sonrach sa straitéis seo. Moltar an socrú seo a dhéanamh láithreach. Moltar fosta go ndéanfar an Fóram a lua sa straitéis mar scáthghrúpa / fóram aitheanta comhairleach agus gur cheart aon pholasaí nó straitéis a mbeadh impleacht aige/aici ar phobal na Gaeilge a chur faoina mbráid, mar aon le haon rannpháirtithe eile sa tsochaí a cheaptar a bheith ionadaíocht ar réimsí áirithe spéise.

Moltar go mór an scéim ‘Ard-Teastas Oiliúna Gaeilge’ a cuireadh ar bun i bhFómhar 2019 a bhuanú agus tuilleadh tacaíochta airgeadais a chur ar fáil don scéim ó bhuiséad lárnach na Comhairle. Ba cheart an clár seo a bheith maoinithe 100% tríd an chomhairle agus é a leathnú amach chuig scoileanna eile sna ceantair nach raibh deis acu tabhairt faoi roimhe seo. Aithníodh an scéim seo go náisiúnta mar chur chuige nuálach agus ceannródaíoch agus ba cheart an t-aitheantas sin a phoibliú tríd chórais chumarsáide na comhairle go minic le linn na bliana.

---

## PEACE PLUS

Níl an tsraith PEACE tar éis clár maoinithe sásúil a chur ar fáil nó cothrom na féinne a thabhairt do cheist, stádas agus ról na Gaeilge sa tsochaí roinnte, cé go bhfuil an teanga tar éis a bheith i gcroílár na conspóide ó thuaidh le 3 bliana anuas agus feachtas ar bun le bunseirbhísí a bhaint amach trí Ghaeilge don phobal. Tuigeann muid gur cuireadh maoiniú beag ar fáil do líon an-bheag de thionscadail Ghaeilge faoi réimsí éagsúla ach níl aon chlár tionscadail faoi leith tar éis a bheith ann le déileáil leis an Ghaeilge féin i gcomhthéacs an tsochaí roinnte. Ba cheart don PEACE PLUS Programme deis ar leith a thabhairt do dhaoine dul i ngleic leis an fhadhb, agus tá sé iomlán dothuigthe dúinn nach bhfuil an clár ag iarraidh tabhairt faoin fhadhb seo. De bhrí nach bhfuil mórán de sheans ann go leanfaidh an Clár Síochána ar aghaidh ina dhiaidh seo, is dóichí ná a

mhalairt gurb í seo an deis dheireanach a bheas ann chun dul i ngleic leis an cheist ríthábhachtach seo. Tá samplaí tábhachtacha ann maidir leis an dóigh ar féidir le tuiscint agus caoinfhulaingt ar an teanga, mar shampla, an obair atá ar bun ag Linda Ervine agus Misean Oirthear Bhéal Feirste. Níl anseo ach sampla amháin de neart samplaí a rinne difear suntasach, agus ar cheart tógáil orthu ar leibhéal níos forleithne i dtaobh réimse an chláir. Is féidir díriú ar shampla eile leis an obair atá ar bun ag Conradh na Gaeilge le soláthar an chláir 'Ár dTeanga Chomhroinnte' atá á chur ar fáil i scoileanna éagsúla fud fad an Tuaiscirt, leis an mhórchuid de na scoileanna seo ag teacht ó chúlra Protastúnach agus Aontachtach. Is í aidhm an chláir ná feasacht na ndaoine óga i dtaobh na Gaeilge a ardú.

Is maith go bhfuil sé mar mheasúnú feidhmíochta ag an gComhairle *'Deiseanna bainteach le deachaidreamh a chioradh, trí thionscnaimh ar nós PEACE IV'* agus is fiú go mór an Chomhairle tuilleadh airgead a mhealladh ó mhaoiniú PEACE ar tionscadal Gaeilge agus dea-chaidreamh. Tá ról suntasach ag an gComhairle go raibh tionscadal ar nós 'Ár dTeanga Chomhroinnte' ar fáil tríd PEACE.

---

## CONCLÚID

Tá ag éirí go maith le cur i bhfeidhm Straitéis na Gaeilge 2017-2019 agus an Polasaí dátheangachais. Is gá coinneáil leis. Ba chóir go mbeidh Comhairle Ceantair an Luir, Mhúrn agus an Dúin in ann seirbhís shásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeilge má cuirtear na moltaí thuas san áireamh i Straitéis na Gaeilge 2020-2023.